C/2026/2979

29.5.2026

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA

an 18 Bealtaine 2026

lena leasaítear na Rialacha i ndáil le rochtain ar Pharlaimint na hEorpa

(C/2026/2979)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

ag féachaint do Riail 25(2) agus Riail 126 de na Rialacha Nós Imeachta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Bealtaine 2025, ghlac Biúró Pharlaimint na hEorpa a Chinneadh maidir leis na Rialacha i ndáil le rochtain ar Pharlaimint na hEorpa ([1]) (na 'Rialacha'), lena rialaítear rochtain ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 2(6) de na Rialacha, i gcás cuairteoirí a fhaigheann cuireadh ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear Cathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla agus na comhaltaí den Bhiúró, buailfidh an Feisire a d'eisigh an cuireadh nó cúntóir creidiúnaithe nó áitiúil an Fheisire sin leo ag ceann de na bealaí isteach chuig Parlaimint na hEorpa agus déanfaidh an Feisire a d'eisigh an cuireadh nó cúntóir creidiúnaithe nó áitiúil an Fheisire sin iad a thionlacan i gcónaí agus iad ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa.

(3) Chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Feisirí agus dá n-oifigí maidir le bainistiú agus fáiltiú na gcuairteoirí sin, ba cheart oiliúnaithe na bhFeisirí a áireamh i measc na ndaoine atá údaraithe chun bualadh le cuairteoirí réamhchláraithe a dtugann na Feisirí cuireadh dóibh agus iad a thionlacan,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2 de na Rialacha, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Buailfidh an Feisire a d'eisigh an cuireadh, cúntóir an Fheisire sin nó oiliúnaí an Fheisire sin leis na cuairteoirí dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 ag ceann de na bealaí isteach de chuid na Parlaiminte. Beidh siad á dtionlacan i rith an ama ag an bhFeisire, ag cúntóir an Fheisire sin nó ag oiliúnaí an Fheisire sin ar feadh na tréimhse ar fad a chaitheann siad in áitribh na Parlaiminte.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO C, C/2025/2744, 12.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2744/2025-05-12.